Ráiteas Seirbhíse Poiblí

Nollaig 2011

Clár

Roinn 1: Sainordú Reachtúil TG4

Roinn 2: Soláthar Seirbhísí: Prionsabail TG4

Roinn 3: Misean, Fís agus Luachanna TG4

Roinn 4: Freagracht

Roinn 5: Teagmháil le TG4

Roinn 1: Sainordú Reachtúil TG4

Cuireann an Ráiteas seo i láthair sainordú TG4 mar chraoltóir náisiúnta seirbhíse poiblí agus na caighdeáin nó na prionsabail trína gcomhlíonann sé an sainordú seo, ina measc freagracht dá gheallshealbhóirí tábhachtacha agus dá lucht féachana agus an bealach ina gcomhlíonann sé na dualgais atá leagtha síos dá spriocanna seirbhíse poiblí.

Tá an bunús atá leis seo ar fáil i sainordú reachtúil TG4 atá leagtha síos sa reachtaíocht chraolacháin, agus le gairid san Acht Craolacháin 2009. Faoin reachtaíocht seo, tá dualgas ar TG4 seirbhís náisiúnta chraolacháin teilifíse a sholáthar ar bhonn saor go haer le bheith ar fáil don phobal uile ar oileán na hÉireann. Is ar maithe le cur chun cinn agus le forbairt na Gaeilge agus le caomhnú an chultúir Ghaelaí atá seo á dhéanamh.

Tugtar údarás do TG4 go sonrach soláthar cuimsitheach clár a chur ar fáil:

- go príomha i nGaeilge;
- ina bhfuil léargas ar ilchineálacht chultúrtha oileán uile na hÉireann;
- a chuireann siamsaíocht eolas agus oideachas ar fáil;
- a thugann clúdach ar imeachtaí spóirt, reiligiúin agus cultúrtha;
- a sholáthraíonn clúdach nuachta agus cúrsaí reatha, go príomha i nGaeilge agus
- a thugann clúdach ar imeachtaí i dTithe an Oireachtais agus Pharlaimint na hEorpa.

Agus é ag comhlíonadh an tsainordaithe seo, is éigin do TG4 freastal orthu sin i ngach aoisghrúpa sa bpobal arb í an Ghaeilge a rogha teanga labhartha nó a bhfuil suim éigin eile acu sa teanga sin. Ní amháin go ndéanann TG4 freastal orthu sin sa bpobal a bhfuil suim acu sa nGaeilge ach is éigin dó freastal orthu sin a bhfuil suim acu sa gcultúr Gaelach agus go háirithe iad sin ar maith leo spórt agus ceol.

Mar thaca leis seo agus lena phríomh-ghníomhaíochtaí craolacháin, is ceadmhach do TG4 seirbhísí Gréasáin agus teilitéacs agus seirbhísí coimhdeacha neamhchraolta eile, a bhunú agus a sholáthar, de réir mar is cuí.

Tá cead ag TG4 freisin ón reachtaíocht, tacú le nó éascú a dhéanamh do léiriú comhaimseartha cultúrtha agus an nuálaíocht agus an turgnamhacht chraolacháin a chothú agus a chur chun cinn.

Faoin reachtaíocht náisiúnta, is ceadmhach do TG4 cláracha a fháil nó a cheannach ó pé foinse a oireann dó. Níl aon dualgas reachtúil leagtha air maidir le geallúintí a thabhairt faoi choibhneas léiriúcháin idir an earnáil neamhspleách agus a chuid léiriúchán inmheánacha féin. Mar fhoilsitheoir/craoltóir, áfach, coimisiúnaíonn TG4 líon suntasach clár Gaeilge agus tugann geallúintí bliantúla maidir le iomlán a chuid maoinithe reatha ón Státchiste, lúide a chuid costas oibríochta, a chaitheamh ar an ábhar Gaeilge.

Tá úsáid TG4 as a mhaoiniú poiblí teoranta do bhaint amach a spriocanna agus a dhualgais seirbhíse poiblí. Ní ceadaítear maoiniú poiblí a úsáid d'aon seirbhísí craolacháin poiblí nach bhfuil mar ábhar sainspéise ach do dhaoine áirithe sa bpobal agus a cuirtear ar fáil ar tháille nó ar bhonn "íoc mar a fhéachtar." Ní foláir a leithéidí sin de sheirbhísí a riaradh ar bhonn tráchtála amháin.

Leagan sainordú reachtúil TG4 síos raon modhanna maoirseachta trína rialaítear TG4. Cuirtear síos go mion orthu seo i Roinn 4 den Ráiteas seo.

Roinn 2: Soláthar Seirbhísí: Prionsabail TG4

Is iad seo a leanas prionsabail TG4 agus é ag soláthar a sheirbhísí

- Cláracha, go príomha i nGaeilge, a sholáthar agus nasc laethúil don Ghaeilge le gach teaghlach ar oileán na hÉireann.

- A chinntiú go bhfuil léiriú inár gcláracha ar na snátha éagsúla atá fite i gcultúr mhuintir na hÉireann agus aird faoi leith ar na gnéithe sainiúla den chultúr sin, na Gaeltachtaí ach go háirithe.

- A chinntiú go bhfuil léiriú inár seirbhísí ar riachtanais na bpobal Gaeltachta agus na dteaghlach sin arb í an Ghaeilge a dteanga laethúil.

- A chinntiú go bhfuil léiriú inár gcláracha ar luachanna daonlathacha agus sóisialta an tsochaí Éireannaigh.

- Cláracha a sholáthar i ngach seánra clár a chuireann eolas, siamsaíocht agus oideachas ar fáil don lucht féachana den uile aois agus aicme den phobal in Éirinn.

- Féachaint i gcónaí leis an gcaighdeán eagarthóireachta is airde macántacht agus raon ilghnéitheach ardchaighdeáin clár a chur ar fáil.

- Gan aon chlaontacht eagarthóireachta na clár a léiriú maidir le inscne, aois, cumas, claonadh gnéasach, reiligiún ná ballraíocht de phobal mionlaigh.

- Gan aon chlaontacht eagarthóireachta a thaispeáint i nuacht ná i gcúrsaí reatha agus an tuairisceoireacht a bheith cothrom, neamhchlaonta agus oibiachtúil

- A chinntiú nach dtarraingíonn ár gcuid craolta dochar ná olc ná nach mbaineann siad an bonn d'údarás an Stáit.

- Meas a léiriú do leanaí inár gcuid cláracha agus craolta fógraíochta.

- Riachtanais daoine a bhfuil míchumas fisiciúil, céadfach nó intleachtúil orthu a thabhairt san áireamh.

- Go dtugtar meas don indibhid agus nach ndéantar cúngú míréasúnta ar phríobháideachas aon indibhide

- Ról ceannais a ghlacadh i bhforbairt na teilifíse Gaeilge ardchaighdeáin a spreagadh i gcáilíocht na gclár mar aon le tacú le tallann agus acmhainní cruthaitheacha na hearnála léiriúcháin neamhspleáiche in Éirinn.

- Bheith airdeallach ar an ngá do thuiscint agus síocháin ar fud oileán na hÉireann.

- Seasamh leis na luachanna daonlathacha atá cumhdaithe i mBunreacht na hÉireann, go h áirithe iad sin a bhaineann le cearta saoirse cainte.

- A bheith airdeallach faoin ngá atá le feasacht agus tuiscint phoiblí a bhunú maidir le luachanna agus traidisiúin tíortha eile seachas an Stát, go háirithe na mBallstát san Aontas Eorpach.

- Luach airgid a chinntiú don lucht féachana agus do na geallshealbhóirí trí chur chun cinn na Gaeilge agus an chultúir le craoladh ardchaighdeáin agus seirbhísí agus trí mhodhanna gnó atá chomh héifeachtach agus is féidir.

I gcomhlíonadh na bprionsabal seo:

- Soláthróidh TG4 ábhar craolta i nGaeilge go príomha agus féachfaidh le ar a laghad sé uair an chloig sa ló d'ábhar bunaidh/nualéirithe Gaeilge a chraoladh.

- Soláthróidh TG4 seirbhíse ardcháilíochta chraolta agus ábhar a cheiliúrann agus a chuireann chun cinn an Ghaeilge ar bhealach tarraingteach inrochtana.

- Meallfaidh TG4 lucht féachana leathan le hábhar nuálaíoch, tarraingteach.

- Cinnteoidh TG4 go léiríonn a aschur luachanna na nuálaíochta agus an fhiúntais agus ceiliúradh ar an bhféiniúlacht agus ar an gcruthaitheacht Éireannach faoi mar atá cuimsithe inár mana "*súil eile*".

- Soláthróidh TG4 grinnchlúdach neamhspleách agus anailís ó léargas malartach ar nuacht agus ar chúrsaí reatha na hÉireann – ar fud na tíre – agus an domhain mhóir.

- Soláthróidh TG4 ábhar i raon leathan seánra, ina measc drámaíocht, faisnéis, siamsaíocht, saolchláir, taisteal, ceol, spórt, oideachas, na healaíona, nuacht agus cúrsaí reatha agus imeachtaí Thithe an Oireachtais.

- Cuirfidh TG4 ar fáil cláracha Éireannacha agus idirnáisiúnta a fhreastalaíonn ar riachtanais eolais, shiamsaíochta agus oideachais leanaí agus daoine óga, lena n-áirítear craoladh ar an meán 200 uair an chloig de *chláracha bunaidh teilifíse* do leanaí ina mbeidh ábhar drámaíochta, siamsaíochta, cláracha stiúideo agus ábhar idirghníomhach.

- Tabharfaidh TG4 ardán don cheol traidisiúnta agus féachfaidh le roinnt sraitheanna a sholáthar gach bliain.

- Tabharfaidh TG4 ardán do chláracha oideachasúla a thacaíonn le foghlaim agus le forbairt phearsanta lena n-áirítear cláracha a chuireann le hoideachas eolaíochta agus teicneolaíochta agus féachfaidh le sraith amháin mar seo sa mbliain a sholáthar.

- Craolfaidh TG4 cláracha ar stair, ar chultúr agus ar chúrsaí reatha na hÉireann.

- Soláthróidh TG4 cláracha ardcháilíochta faisnéise nó "scéalta daonna" a dhíreoidh ar chultúir agus ar phobail eile rud a chuirfidh le tuiscint an lucht féachana in Éirinn orthu seo.

- Léireoidh TG4 an ról ar leith atá ag imeachtaí spórt (go háirithe spórt na hÉireann), ceol agus na healaíona i saol agus i gcultúr na hÉireann.

- Coimisiúnóidh TG4 ar a laghad 500 uair an chloig d'ábhar bunaidh nua-léirithe Gaeilge ón earnáil neamhspleách léiriúcháin gach bliain sa mhéid is go bhfuil maoiniú cuí chuige seo curtha ar fáil.

- Infheisteoidh TG4 70% dá mhaoiniú poiblí gach bliain in ábhar Gaeilge.

- Soláthróidh TG4 ábhar Gaeilge le tacaíocht ó ábhar i mBéarla agus i dteangacha eile.

- Déanfaidh TG4 beart a fheabhsóidh an rochtain ar a chuid clár ag daoine a bhfuil míchumas fisiciúil, céadfach nó intleachtúil orthu, go háirithe iad sin a bhfuil fadhbanna éisteacht acu.

- Tá TG4 tiomanta do fhotheidil a sholáthar ar a chuid clár de réir na dtreoirlínte ó Údarás Craolacháin na hÉireann.

- Leanfaidh TG4 lena thiomantas do chomhartha craolta na seirbhíse a bheith ar fáil ar fud oileán na hÉireann.

- Leanfaidh TG4 dá thiomantas seirbhísí a sholáthar don phobal Éireannach, d'fhoghlaimeoirí Gaeilge agus do dhaoine eile ar fud an domhain ar suim leo an Ghaeilge nó an cultúr Gaelach trí fhorbairt ar an gcaighdeán is airde ar Shuíomh Gréasáin TG4 agus ar an Líonchraoladh Leathanbhanda.

- Cartlann a choinneáil ar an gcaighdeán is airde dá chineál mar thaca don chultúr agus don oidhreacht Éireannach.

- Cinnteoidh TG4 go bhfuil a chuid clár saor ó thionchar míchuí polaitiúil nó aon tionchar mí-oiriúnach eile.

- Cloífidh TG4 leis na Cóid Chraolacháin a bhaineann le fógraíocht, go háirithe leo sin a thagraíonn do leibhéal agus do chineál na fógraíochta a fheiceann leanaí.

Roinn 3: Misean, Fís agus Luachanna TG4

Tá misean agus fís ag teacht leis na prionsabail atá leagtha amach i Roinn 2 agus mar a gcuirtear sios freisin ar an mbealach ina leagfaidh sé a rian ar an saol craolacháin in Éirinn agus mar a bhainfidh sé amach a spriocanna seirbhíse poiblí.

Is í fís TG4

"Teanga agus cultúr na Gaeilge a chur chun cinn go rathúil trí leas a bhaint as ábhar teilifíse agus Gréasáin chun go mbeadh spás lárnach ag an nGaeilge i saol gach Éireannaigh, sa tír seo agus thar sáile".

Fíorfaidh TG4 an fhís seo trína mhisean a bhaint amach mar seo a leanas:

"Is é misean TG4 seirbhís tharraingteach nuálach theilifíse Ghaeilge a sholáthar, a cheiliúrann cruthaitheacht agus féiniúlacht na teanga, an chultúir, an cheoil agus an spóirt Éireannaigh le hábhar atá curtha i láthair ar bhealach a mheallfaidh an lucht féachana sa tír seo agus thar sáile."

Cuimsítear an fhís agus an misean seo sa mana "*súil eile"*.

Comhlíonfaidh TG4 a mhisean amach agus, as a dheireadh, fíoróidh a fhís trí roinnt spriocanna straitéiseacha a fheidhmiú a ndéantar sainiú ar bhonn chúig bhliana agus a athbhreithnítear go bliantúil. Is geallúintí iad seo, dáiríre, a leagann TG4 síos ina Phlean Straitéiseach Chúig Bhliana agus a ndéantar fairsingiú orthu ina Ráiteas Bliantúil Gealltanas.

Cé go leagann Misean agus Fís TG4 amach na spriocanna a bhainfidh an t-eagras amach agus na straitéis a úsáidfear chun na spriocanna seirbhíse poiblí a bhaint amach, imríonn luachanna TG4 *bealach* ina n-oibríonn sé lena phríomh-gheallshealbhóirí agus ar an iomlán léiríonn na prionsabail atá mar bhuntréithe san eagras. Is iad seo na croíluachanna atá ag TG4.

Ceangal:
- Nasc laethúil don Ghaeilge le gach teaghlach sa tír.
- An lucht féachana a bheith i gcroílár gach a ndéanaimid.
- Malairt léargais a sholáthar ar imeachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Fiúntas agus Luach Airgid:
- Clársceideal ardchaighdeáin a chur ar fáil.
- Struchtúr tíosach, éifeachtach a oibriú.

Cruthaitheacht:
- A bheith cruthaitheach san aschur agus i ngach uile ní eile.
- Leanacht leis an soláthar clár iontach, nuálaíoch.

Réamhghníomhach:
- Tógáil ar an dearcadh dearfach, comhpháirteach foirne atá bunaithe agus buanaithe sa bhfoireann agus san eagras ar fad ón tús.

Roinn 4: Freagracht

Freagraíonn TG4 do raon leathan geallshealbhóirí, go príomha ár lucht féachana, an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha agus Údarás Craolacháin na hÉireann. Dá réir sin, táimid rialaithe ag raon modhanna maoirseachta, mar seo a leanas:

4.1 Bord TG4 agus Fochoistí an Bhoird

Ta TG4 faoi rialú Boird ar a bhfuil 12 comhalta, de réir Acht Craolacháin 2009. Faoi mar atá leagtha síos sa reachtaíocht, is é an Rialtas a cheapann seisear comhaltaí ar mholadh ón Aire, ceapann an Rialtas ceathrar comhaltaí eile ag tabhairt san áireamh na comhairle ón gComhchoiste Oireachtais, is ionadaí foirne comhalta eile Boird agus is é Príomh-Fheidhmeannach/Príomh Stiúrthóir TG4 an comhalta eile.

Ghlac an Bord go Foirmeálta leis an gCód Cleachtais do Rialachas Cuideachtaí Stáit, mar a d'eisigh an Roinn Airgeadais i 2001, agus is eagras forordaithe é TG4 atá faoi réir ag an Acht um Eitic in Oifig Phoiblí 1995 agus ag an Acht um Chaighdeáin in Oifig Phoiblí 2001.

Leagann TG4 an tábhacht ar a dhualgais agus ar a oibleagáidí reachtúla agus freagraíonn an bhainistíocht agus an fhoireann dá bhord go rialta. Cheap an Bord dhá fhochoiste chun cabhrú leis i gcomhlíonadh a chuid dualgas, an Coiste Iniúchóireachta agus an Coiste Luach Saothair. Tá an Coiste Iniúchóireachta freagrach as: an plean iniúchóireachta inmheánach a aontú, athbhreithniú a dhéanamh ar thuarascálacha iniúchóireachta ar éifeachtacht na gcóras inmheánach rialúcháin agus monatóireachta ar an dul chun cinn. Déanann sé amhlaidh i gcomhthéacs chóras bainistithe riosca an eagrais freisin. Is é an Coiste Luach Saothair atá freagrach as: fráma tagartha a leagan amach do luach saothair an Phríomh-Fheidhmeannaigh; athbhreithniú a dhéanamh ar oiriúnacht an pholasaí luach saothair agus scéimeanna bunaithe ar fheidhmíocht a cheadú &rl.

4.2 Tuairisciú Rialta chuig an Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha

Tá dualgas ar TG4 tuairisciú chuig an Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha ("an tAire") nó chuig ionadaí a cheapfaidh an tAire.

Mar chuid den dualgas seo, ní foláir do TG4 mion-taifid airgeadais a choinneáil ar bhealach a chuirfidh ar chumas an Aire athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmíocht TG4 ag comhlíonadh a shainchúraim reachtúil.

Anuas ar sin, ní foláir do TG4 "Ráiteas Gealltanas" a chur ar fáil don Aire gach bliain ina leagtar amach go mion na gníomhaíochtaí atá beartaithe ag TG4 chun a shainordú reachtúil a bhaint amach. Sa Ráiteas bliantúil seo, cuireann TG4 síos a spriocanna agus a ghealltanais do:

- Chraoladh agus soláthar an ábhair Ghaeilge:
- Forbairtí ar an gClársceideal:
- Leas as maoiniú Státchiste:
- Scair Lucht Féachana:

- Forbairtí ar an earnáil neamhspleách léiriúcháin agus beartais i bpáirt leis an earnáil:
- Forbairtí eile ar an tseirbhís:
- Tairbhe don leas eacnamúil náisiúnta agus
- Forbairtí ginearálta sa ngnó/san eagras.

Tá iachall ar TG4 freisin athbhreithniú mion a sholáthar don Aire gach bliain ina meastar a fheidhmíocht le hais na spriocanna a leag sé síos sa Ráiteas Gealltanas agus is féidir an t-athbhreithniú seo a chur faoi bhráid meastóra neamhspleáiche más gá. Mar chuid de seo, soláthraíonn TG4 sonraí de na costais agus den ioncam a bhainfidh leis na gealltanais seo.

Déanann an tAire meas ar TG4 ar bhonn luach poiblí agus measúnacht tionchar earnála i ndáil le haon mhórathrú ina sheirbhísí a thagann faoi scáth a shainordaithe seirbhíse poiblí agus ar a bhfuil maoiniú poiblí le caitheamh. Is iad sin:

- Athraithe ar an uimhir cainéal teilifíse:
- Bunú seirbhísí poiblí craolacháin pobail nó réigiúnacha, saor go haer:
- Bunú seirbhísí neamhchraolta, neamhlíneach agus
- Bunú aon tseirbhís shuntasach eile nach bhfuil sonraithe go sainiúil i reachtaíocht.

Is gá toiliú an Aire freisin i leith: aon athrú ar an am craolta socraithe do chraoladh fógraíochta; bunú fochuideachtaí, infheistíochtaí agus comhfhiontair; scéimeanna a thabharfadh rochtain treas pháirtí ar chartlanna atá á gcaomhnú ag TG4; aon athraithe ar na leibhéil iasachtaí atá ceadaithe do TG4.

Ar deireadh, ar bhonn bliantúil, foilsíonn a Thuarascáil Bhliantúil ina mbíonn léargas ar ár bhfeidhmíocht i rith na bliana sin ina mbíonn tuairiscí ón gCathaoirleach agus ón bPríomh-fheidhmeannach, tuairisc ar Rialachas Corparáideach, Athbhreithniú Airgeadais agus Ráitis Airgeadais (Féach Roinn 4.7 thíos).

4.3 Tuairisciú chuig Údarás Craolacháin na hÉireann ("ÚCÉ/ "an tÚdarás ")

Is é ÚCÉ a dhéanann monatóireacht agus forfheidhmiú ar chomhall TG4 i leith a chuid dualgas, cód agus rialacha craolacháin mar atá leagtha ar TG4 sa reachtaíocht chraolacháin. Ar na croí dhualgais, cóid agus rialacha sin a ndéantar forfheidhmiú orthu, tá:

- Nach gcraolann TG4 an rud a bhféadfaí a mheas go réasúnach faoi gur sháraigh sé an cuibheas ná rud ar dhóigh go spreagfadh sé coiriúlacht ná go mbainfeadh sé an bun d'údarás an Stáit.
- Nach sáraíonn TG4 go míréasúnach príobháideachas éinne.
- Nach sáraíonn TG4 a uasmhéid ceadaithe ama do chraoladh fógraíochta ná ráitis urraíochta.
- Go gcomhlíonann TG4 na dualgais atá leagtha air maidir le leas an lucht féachann, go háirithe leanaí, i ndáil le fógraíocht, teileshiopadóireacht, urraíocht agus cineálacha eile bolscaireachta tráchtála a bhíonn i seirbhísí craolacháin.

- Go gcomhlíonann TG4 na dualgais atá leagtha air maidir le haon scéimeanna a thabharfadh rochtain treas pháirtí ar chartlanna atá á gcaomhnú ag TG4.

- Go gcomhlíonann TG4 na dualgais atá leagtha air gur ar neamhchomaoin a dhéanann TG4 aon socrú ná idirbheart chun go ndéantar idirdhealú idir a spriocanna seirbhíse poiblí agus na deiseanna tráchtála.

- Go bhfuil gach nuacht a chraolann TG4 curtha i láthair go hoibiachtúil agus go neamhchlaonta.

- Go dtugann clúdach cúrsaí reatha TG4 cothrom na féinne do gach leas agus go bhfuil sé curtha i láthair go hoibiachtúil neamhchlaonta.

Tuairiscíonn TG4 chuig ÚCÉ go rialta ar raon iomlán a oibríochta lean n-áirítear achur, rochtain, fotheidealú comhall le caighdeán clár.

Anuas ar mhonatóireacht agus forfheidhmiú maidir le comhall TG4 ar a dhualgas, cóid agus rialacha craolacháin, tá roinnt feidhmeanna eile ag an Údarás maidir le rialachas TG4, mar seo a leanas:

- Eisíonn an tÚdarás treoracha chuig TG4 maidir le comhlíonadh a dhualgas ar thuairisciú chuig an Aire ar a ioncam agus caiteachas agus ar phrionsabail chuntasaíocht chostála.

- Tá roinnt modhanna ann a chinntíonn nach bhfaigheann TG4 róchúiteamh, ina measc: srian reachtúil a chur a mhaoiniú le gur dá spriocanna seirbhíse poiblí amháin a mhaoinítear é; dualgas a bheith air tuairisc bhliantúil a sholáthar ar an leas a bhaineann sé as a mhaoiniú poiblí; athbhreithniú bliantúil an Údaráis; athbhreithniú a bhfuil bonn reachtúil faoi ar leorgacht an mhaoinithe poiblí do TG4 chun a spriocanna seirbhíse poiblí a bhaint amach. Is é an tÚdarás a dhéanann na hathbhreithnithe. Baineann an t-athbhreithniú bliantúil le féachaint lena fháil amach cén chaoi ar éirigh le TG4 i gcomhlíonadh na nithe a bhí ráite sa Ráiteas Gealltanas don bhliain airgeadais roimhe sin. Is ar leorgacht an mhaoinithe atá ar fáil do TG4 a fhéachann an t-athbhreithniú chúig bhliana agus is anseo a dhéanann an tÚdarás moladh maidir leis an leibhéal maoinithe is ceart a sholáthar do TG4 ar bhonn bliantúil. Mar chuid de na hathbhreithnithe seo, is éigin do TG4 tuairisc a chur ar fáil gach bliain ar an leas a bhain sé as a mhaoiniú poiblí agus idirdhealú a dhéanamh idir aon bheartas agus socrú a rinneadh chun go mbeidh trédhearcacht ann idir a spriocanna seirbhíse poiblí agus na deiseanna tráchtála.

Anuas air seo fiosraíonn ÚCÉ agus tugann breithiúnas ar aon ghearáin a dhéantar faoi TG4 i leith a chuid cód agus caighdeán craolacháin. Is ceart aon ghearán ina leith seo a chur faoi bhrád TG4 féin ar dtús sula fiosraíonn an tÚdarás iad. Is éigin do TG4 gach gearán mar seo i leith comhlíonadh a chuid cód, caighdeán agus rialacha a bhreithniú go cuí cóir nuair is gearán ionraic é.

Mar chuid den phróiseas sásaimh seo, tá **Cód Cleachtais do Láimhsiú Gearán** i bhfeidhm ag TG4.

Tá an Cód seo ar fáil ar ár Suíomh Gréasáin (www.tg4.ie) agus leagtar síos ann:

- Pointe teagmhála tosaigh i TG4 go ghearánaithe;

- Tréimhse ama ina mbeidh freagra faighte ag an ngearánaí ó TG4.

- An nós imeachta a leanfaidh TG4 i réiteach na ngearán.

Cuireann TG4 an Cód seo ar fáil don Údarás le go bhfoilseofar é ar Shuíomh Gréasáin an Údaráis féin. Sa mbreis air sin, coinneoidh TG4 taifead ar feadh dhá bhliain (ó dháta faighte an ghearáin) ar aon ghearáin a déantar leis mar aon le aon fhreagraí a thug sé orthu.

4.4 Foilsiú Ráitis Straitéise agus Plean Maoinithe Chúig Bhliana

Tá dualgas leagtha ar TG4 in Alt 99 den Acht Craolacháin 2009, Ráiteas Straitéise a ullmhú taobh istigh de 6 mhí den Acht sin a bheith rite agus gach 5 bhliana ina dhiaidh sin agus é a thíolacadh don Aire. Treoraíonn an tAcht go leagfar amach san Ráiteas straitéis an Bhoird chun cuspóirí na corparáide a bhaint amach ag féachaint d'acmhainní atá ar fáil di.

Ag teacht leis an dea-chleachtas corparáideach, tugann TG4 an Ráiteas seo suas chun dáta gach bliain chun na cúinsí reatha eacnamaíocha agus fioscacha ina bhfuilimid ag feidhmiú a thabhairt san áireamh. Leagann ár Ráiteas Straitéis amach fís TG4 agus tráchtanna ar raon leathan tionscnamh forbartha straitéiseacha don mheán agus don fhad-téarma lena mbainfear ár gcuspóirí amach chomh maith le cur síos ar na deiseanna agus ar na dúshláin bhunúsacha gnó atá amach romhainn

Bíonn an Ráiteas Bliantúil i dtaobh Gealltanas Feidhmíochta TG4 bunaithe ar an bPlean Corparáideach chúig bhliana seo - is as a thagann gach sprioc agus gníomhaíocht de chuid TG4 agus léirítear ann a spriocanna seirbhíse poiblí agus an bealach ina bhfuil siad le baint amach.

4.5 Comhairle Lucht Féachana

Tá dualgas reachtúil ar Comhairle Lucht Féachana a bhunú ar a mbeidh 15 comhalta a dhéanfaidh ionadaíocht ar lucht féachana TG4, daoine a bhfuil míchumas éisteachta nó radhairc acu. Spreagann TG4 tuairimí an phobail faoina fheidhmíocht tríd an gComhairle seo agus feabhsaíonn leis a chaidreamh lena lucht féachana. Is bealach é freisin chun aiseolas agus gearáin a fháil ón bpobal agus cinntíonn TG4 go ndéantar clárú ar gach gearán, go n-eisítear admháil, go bhfiosraítear agus go dtugtar freagra i ngach cás. Cuireann an Chomhairle seo le próisis inmheánacha TG4 faoina gcuirtear ar fáil aiseolas ón lucht féachana agus ó na meáin chumarsáide agus faoina bhfeidhmítear orthu seo le tuairisciú rialta chuig a Bhord féin, chuig an gCoiste Bainistíochta, Coimisiúnú, Ceannachán agus le tuairiscí rialta tríd na Coistí Eagarthóireachta agus Pleanála Sceidil.

Is é ról na Comhairle dul i dteagmháil leis an lucht féachana, tuiscint a fháil ar bhfuil uathu agus súil acu leis ó TG4 agus tríd an bpróiseas sin cur lenár dtuiscint ar a riachtanais agus ár ról mar chraoltóir seirbhíse poiblí a fheabhsú agus a chinntiú go bhfuilimid á sholáthar. Ar na príomhghníomhaíochtaí a bheidh ar bun ag an gComhairle Lucht Féachana, beidh:

- Tuairimí an lucht féachana a bhailiú agus a meas ar sheirbhísí TG4 a thomhas agus a thástáil trí raon gníomhaíochtaí teagmhála i rith na bliana.
- Plé agus measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht TG4 ag cruinnithe na Comhairle Lucht Féachana.
- Comhairle a chur ar TG4 maidir lena fheidhmíocht.
- Tosaíochtaí aithint agus a leagan síos maidir le réimhsí gníomhaíochta ina bhféadfadh TG4 feabhsú ó thaobh an lucht féachana.

4.6 Foilsiú Ráiteas Seirbhíse Poiblí

Faoi mar atá leagtha síos sa reachtaíocht chraolacháin, ní foláir do TG4 Ráiteas Seirbhíse Poiblí a dhréachtú ina leagtar amach a chaighdeáin mar chraoltóir náisiúnta seirbhíse poiblí, na

prionsabail atá le comhlíonadh agus a chuid gealltanas maidir le soláthar na seirbhíse agus comhlíonadh a chuid spriocanna seirbhíse poiblí.

Leagfaidh an Ráiteas sin síos go soláthróidh sceideal cuimsitheach clár ina bhfuil na seánraí clár ar fad ar fáil agus a bhfuil gach aicme dhéimeagrafach mar sprioc dó. Mar atá leagtha síos san Acht Craolacháin 2009, ní foláir don Ráiteas, i measc rudaí eile, na nithe seo a leanas a shonrú go sonrach:

- Nádúr agus líon na n-uaireanta an chloig de theilifís do leanaí atá le craoladh ag an tseirbhís ;
- Nádúr agus líon na n-uaireanta an chloig de chláracha teilifíse eolaíochta agus teicneolaíochta atá le craoladh ag an tseirbhís;
- An líon irisí agus leabhar atá len ullmhú, foilsiú agus dáileadh de bhun spriocanna sheirbhís phoiblí TG4;
- An t-ábhar taifeadta físe atá len ullmhú, foilsiú agus dáileadh de bhun spriocanna sheirbhís phoiblí TG4.

4.7 Foilsiú ar Thuarascáil Bhliantúil

Foilsíonn TG4 gach bliain tuarascáil ar a fheidhmíocht le linn na bliana atá caite. Cuireann an tuarascáil seo i láthair léargas ginearálta ar oibríocht agus ar airgeadas an chainéil mar aon lena chuntais iniúchta reachtúla. Seoltar an Tuarascáil Bhliantúil chuig an Aire agus cuirtear faoi bhráid an Rialtais agus Thithe an Oireachtais í sula bhfoilsítear í.

4.8 Foilsiú ar Chód Cleachtais Chóirthrádála

Faoi mar atá leagtha síos sa reachtaíocht, tá dualgas ar TG4 Cód um Chleachtas Cóirthrádála a dhréachtú agus a fhoilsiú ina leagtar amach na prionsabail a bhaineann leis na téarmaí a aontaítear le léiritheoirí neamhspleácha óna gcoimisiúnaítear ábhar clár. Tá an cód seo bunaithe ar threoirlínte a chuireann ÚCÉ ar fáil do TG4 agus is gá é a athbhreithní u agus a athfhoilsiú gach ceithre bliana tar éis a fhoilsithe den chéad uair. San áireamh sa gcód tá: cur chuige TG4 i ndáil le: coimisiúnú ilbhliantúil; ceannachán cearta agus, amchlár d'idirbheartaíocht chonartha. Is gá don Aire an cód seo a cheadú sula mbeidh feidhm leis.

Roinn 5: Teagmháil le TG4

Más mian leat teagmháil a dhéanamh le TG4 maidir le haon chuid den Ráiteas seo nó aon chuid eile den eolas poiblí faoin tseirbhís, is féidir leat dul i dteagmháil le:

Pádhraic Ó Ciardha
Leas Phríomh fheidhmeannach
TG4
Baile na hAbhann
Co. na Gaillimhe

Teil: 091 505050
Facs: 091 505021

Tig leat freisin teagmháil a dhéanamh linn ar an Suíomh Gréasáin www.tg4.ie/foir / agus aiseolas a sholáthar ansin nó fiosrúchán a dhéanamh faoi:

- An Suíomh Gréasáin
- An Clársceideal
- Na cláracha
- Scéalta nuachta a craoladh
- Tuairimí ginearálta eile

Fáilteoidh bainistíocht agus foireann TG4 roimh do chuid fiosrúcháin/tuairimí agus tá nasc díreach ar fáil ar an Suíomh ina bhfuil a seoltaí r phoist.

Tá **Cód Cleachtais do Láimhsiú Gearán** ag TG4 ina leagtar síos do ghearánaithe an túsphointe teagmhála le TG4; an tréimhse ama ina bhfreagróidh muid gearáin agus na cleachtais a leanaimid chun aon ghearáin a réiteach. Tá an cód seo ar fáil ar ár Suíomh Gréasáin (www.tg4.ie) agus ar Shuíomh ÚCÉ (www.bai.ie)

Is í an Ghaeilge teanga oibre TG4 agus cé go ndéanfar comhfhreagras le daoine i mBéarla más é sin a mian, cuirtear fáilte ar leith roimh theagmhálacha Gaeilge.